

# Ráiteas Straitéise

2021 - 2025

**Neamhspleách  
Oibiachtúil  
Cuiditheach  
Tiomanta do Shármhaitheas**



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
Office of the Comptroller and Auditor General

# Clár ábhar

Réamhrá ón C&AG	2
Forbhreathnú ar ár gcuid oibre	3
Cé muid féin agus cad a dhéanaimid	4
Machnamh a dhéanamh	5
Tosaíochtaí straitéiseacha 2021 – 2025	7
<b>Tosaíocht 1:</b> Seirbhísí iniúchta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar	8
<b>Tosaíocht 2:</b> Difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu, don Oireachtas agus don phobal	10
<b>Tosaíocht 3:</b> Ár n-eagraíocht a neartú	12
Ár rialachas agus ár dtuairisciú	14

# Réamhrá ón C&AG

Beartaítear go gcuirtear treochlár ar fáil sa Straitéis seo chun an Oifig a fhorbairt sna blianta amach romhainn, ar mhaithe le saoránaigh Éireannacha, baill an Oireachtais, na comhlachtaí a dhéanaimid a iniúchadh agus ár bhfoireann.

D'eascair ár straitéis i rith tréimhse ina bhfuil athrú mór tagtha ar an Oifig mar thoradh ar na dúshláin a chruthaigh paidéim dhomhanda Covid-19. Is deas a thabhairt faoi deara go raibh an Oifig in ann leas a bhaint, ón tosach, as cumas teileaoibrithe a bhuíochas le tionscnaimh straitéiseacha faoinar tugadh i dtréimhsí roimhe seo. A bhuíochas le tiomantas agus dícheall na foirne go léir, d'éirigh linn leanúint lenár bpríomh-aschur iniúcháireachta agus tuairiscithe a sholáthar agus sinn ag cianoibriú.

Áiríodh leis an bpróiseas seo inar forbraíodh an ráiteas seo comhairliúchán fairsing a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a d'fhreagair an comhairliúchán agus a chuir leis an ráiteas seo a fhorbairt. Foilsítear tuarascáil straitéise rannpháirtíochta ar leith ina dtugtar achoimre ar thorthaí ónár gcomhairliúchán ar láithreán gréasáin na hOifige ag [www.audit.gov.ie](http://www.audit.gov.ie).

Faoi mar a tugadh le fios sa straitéis dheireanach, choimisiúnaigh mé measúnú neamhspleách a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht in aghaidh caighdeáin agus deachleachtas idirnáisiúnta ar thug grúpa saineolaithe faoi in 2020. Rinneadh breithniú ar thorthaí an tsainghrúpa athbhreithnithe agus na moltaí a rinne siad fad a bhí an straitéis nua seo á forbairt. Tá obair ar siúl maidir leis na moltaí a chur i bhfeidhm faoi láthair. Áirítear leis seo athbhreithniú tráthúil a dhéanamh ar fhorálacha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, a bhí i bhfeidhm ar feadh beagnach 30 bliain agus athrú ar bith tagtha orthu, go mór mór.

Is deas liom an ráiteas straitéise seo d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur i láthair don tréimhse ó 2021 go 2025. I rith na tréimhse sin, déanfaimid ceiliúradh céad bliain ó bunaíodh an Oifig sa bhliain 1923, mar chuid de na croí-institiúidí rialachais a tógadh don Stát nua. De réir mar a dhruideann an gharsprioc sin linn, táim muiníneach go leanann an Oifig le ról ríthábhachtach a ghlacadh maidir le seirbhísí poiblí láidre a fhorbairt do shaoránaigh Éireannacha, agus le cuntasacht éifeachtach a chumasú laistigh den earnáil poiblí in Éirinn.

Tá ár straitéis in ainm is a chinntiú go mbíonn ar shárchumas na hOifige seirbhís ardchaighdeáin agus éifeachtach iniúcháireachta a sholáthar do chomhlachtaí poiblí ar bonn marthanach agus a bheith ina seirbhís neamhspleách a sholáthraíonn dearadh soiléir do shaoránaigh faoi conas atá a n-airgead á úsáid agus a éascaíonn cuntasacht pharlaiminteach. Is iad na luachanna a mbuntacaíonn obair na hOifige seo leo neamhspleáchas, oibiachtúlacht, tiomantas do shármhaitheas agus idirchaidreamh cuiditheach a dhéanamh leis na comhlachtaí a dhéanaimid a iniúchadh. Tá iad seo i gcroílár ár gcuid oibre agus sonraítear go forleathan iad sa straitéis seo. Bunaithe ar na luachanna siúd, is iad na tosaíochtaí a mhúnlaíonn an straitéis seo agus a chuirfidh ár bhforbairt chun cinn

- **seirbhísí ardchaighdeáin gairmiúla iniúcháireachta a sholáthar**
- **difear a dhéanamh do na comhlachtaí a dhéanaimid a iniúchadh, an tOireachtas agus an pobal, agus**
- **ár n-eagraíocht a neartú.**

Táimid tiomanta d'fheabhas a chur ar an idirchaidreamh a dhéanaimid le heagraíochtaí chliant agus le príomhpháirtithe leasmhara i gcaitheamh thréimhse na straitéise. Táimid tiomanta freisin d'athchóirithe atá dírithe ar fheabhas a chur ar ár n-éifeachtúlacht agus ár n-éifeachtacht féin chun gur féidir linn leanúint lenár n-oibleagáidí a chomhlíonadh amach anseo, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin de réir mar a thagann siad aníos.

## **Séamus McCarthy**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
Nollaig 2020

# Forbhreathnú ar gcuid oibre

Is é ár misean an oiread luach agus is féidir a chur le seirbhís poiblí in Éirinn trí sheirbhísí iniúchta ar ardchaighdeán a sholáthar, dírithe ar úsáid airgid agus acmhainní poiblí a fheabhsú, agus ar chuntasacht poiblí a neartú.

Gach bliain, chun ár misean a chomhlíonadh, déanaimid iniúchadh ar

Iomlán 285  
iniúchadh ar  
ráitis agus  
cuntais  
airgeadais



41 cuntas leithreasa an rialtais láir



26 ciste roinne



28 chomhlacht san earnáil sláinte, lena n-áirítear FSS



45 comhlacht oideachais



145 gníomhaireacht eile san earnáil poiblí, idir mhéid agus scála



cuirimid tuarascáil ar fáil gach bliain ar ábhair a éiríonn as cuntais na seirbhísí poiblí



foilsímid roinnt tuarascálacha speisialta a dhéileálann le gnéithe de sheachadadh seirbhíse poiblí agus úsáid acmhainní poiblí



aithnímid deiseanna le haghaidh feidhmíochta níos fearr agus cuirimid iad sin in iúl do na comhlachtaí poiblí ábhartha



tacaímid le hobair an Choiste um Chuntais Phoiblí maidir le caiteachas poiblí a scrúdú agus comhlachtaí poiblí a thabhairt chun cuntais



caithimid thart ar €13.8m ag seachadadh ár seirbhísí agus fostaímid 184 ball foirne coibhéiseach lánaimseartha.




# Cé muid féin agus cad a dhéanaimid

Is oifigeach neamhspleách, bunreachtúil é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG), arna cheapadh ag an Uachtarán ar ainmniú Dháil Éireann. Is é Seamus McCarthy an sealbhóir oifige reatha. Tá sé i seilbh oifige faoi Airteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann. Tá an C&AG freagrach as rialú a dhéanamh ar scaoileadh cistí do sheirbhísí poiblí mar atá ceadaithe ag Dáil Éireann, iniúchadh a dhéanamh ar chuntais poiblí, tabhairt faoi scrúduithe neamhspleácha ar bhainistíocht agus úsáid acmhainní poiblí, agus as torthaí na hoibre a thuairisciú do Dháil Éireann. Ar an mbealach seo, tacaíonn an C&AG leis an bpróiseas rialaithe parlaiminte agus cuntasachta. Is iad tuarascálacha an C&AG an bonn ar a dtugtar comhlachtaí poiblí chun cuntais os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí. Cuidíonn Oifig an C&AG leis an C&AG ina fheidhmeanna reachtúla agus tá státseirbhísigh mar fhoireann aici.

Clúdaíonn ár ról iniúchta poiblí 285 tacar ráiteas airgeadais agus cuntas arna dtáirgeadh ag comhlachtaí poiblí. Le chéile, tá idirbhearta airgeadais ag na comhlachtaí sin ar fiú os cionn €243 billiún iad d'airgead poiblí gach bliain.

Is é ár bpríomhfhócas tacú leis an bpróiseas trína dtugtar comhlachtaí poiblí agus cinnteoirí chun chuntais maidir le húsáid acmhainní poiblí trí dhearbhu neamhspleách a sholáthar maidir le bainistíocht airgeadais, feidhmíocht airgeadais, rialachas agus cuibheas i seoladh gnó poiblí, agus luach ar airgead laistigh de sheirbhísí poiblí. Déanaimid iarracht freisin luach a chur leis na heagraíochtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu trí anailís agus moltaí a sholáthar le tacaíocht ó fhianaise shoiléir, ní amháin maidir lena bhfeidhmíocht aonair ach freisin maidir le téamaí trasnaí agus deachleachtas a aithint maidir le húsáid acmhainní ar fud na seirbhíse poiblí.

## An ról atá ag an C&AG agus ag Cuntasacht Pharlaiminteach



# Machnamh a dhéanamh

---

Tá trí ionchur lánacha ann dár Ráiteas Straitéise.

## 1. Athbhreithniú piaraí

In 2020, chríochnaigh grúpa saineolaithe neamhspleácha a bhfuil taithí fhairsing acu Athbhreithniú Seachtrach Piaráí ar an Oifig ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí i gcomhlachtaí iniúchta na hearnála poiblí sa RA, san Aontas Eorpach agus i gCeanada. Tháinig na hathbhreithneoirí ar chonclúid dhearfach maidir le neamhspleáchas, oibiachtúlacht agus cáilíocht obair na hOifige. D'aithin siad freisin roinnt príomhdhiseanna agus dhúshláin, a raibh tionchar suntasach acu ar an bplean straitéiseach seo.

Tá an tAthbhreithniú Piaráí Seachtrach ar fáil ag [www.audit.gov.ie](http://www.audit.gov.ie)

## 2. Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Choimisiúnaíomar Amárach Research chun suirbhé neamhspleách a dhéanamh ar thuairim na bpáirtithe leasmhara. Thug siad faoi rannpháirtíocht neamhspleách leis

- an gCathaoirleach agus le baill an Choiste um Chuntais Phoiblí agus
- na hOifigigh Chuntasafóchta de shampla ionadaíoch de 29 comhlacht a ndéanaimid iniúchadh orthu.

Tá torthaí an chomhairliúcháin, a chuir bonn eolais faoin bplean seo, ar fáil ag [www.audit.gov.ie](http://www.audit.gov.ie)

## 3. Comhairliúcháin foirne agus athbhreithniú lánléargais

In 2020, chumar i gcomhairle lenár bhfoireann agus bhaineamar úsáid as na torthaí i bhforbairt gníomhartha straitéiseacha. Choimisiúnaíomar Crowe Ireland freisin chun athbhreithniú lánléargais a dhéanamh, lena n-áirítear taighde comparadóra ar chomhlachtaí iniúchta na hearnála poiblí san Astráil, i gCeanada, san Fhionlainn, sa Nua-Shéalainn, in Albain, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe.

# Príomhtheachtaireachtaí ag teacht chun cinn

## Coinnigh

- A bheith neamhspleách
- A bheith oibiachtúil
- An bhéim ar cháilíocht

## Déanfaimid...

- Ár luachanna a threisiú go leanúnach trínár gcuid oibre, ár n-oiliúint agus ár gcumarsáid.
- Ár gcur chuige iniúchta agus scrúdaithe a fhorbairt chun toradh. athbhreithnithe neamhspleácha agus dea-chleachtas athraitheach a léiriú.

## Méadaigh

- Líon na scrúduithe
- An leibhéal rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara
- Infheictheacht na hOifige

## Déanfaimid...

- Ár gcumais a mhéadú trí acmhainní agus oiliúint agus forbairt.
- Straitéisí ardleibhéil rannpháirtíochta earnála agus níos mó gníomhaíochtaí léargais iniúchta a chur i bhfeidhm.
- Cumarsáid níos seachtraí, ag úsáid meascán de chainéil agus imeachtaí.

## Laghdaigh

- Amlínte le haghaidh iniúchtaí airgeadais agus scrúduithe

## Déanfaimid...

- Athrú reachtach a lorg chun amlínte laghdaithe a chumasú.
- Teagmháil leis an gclár nuachóirithe tuairiscithe airgeadais, arna stiúradh ag Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Níos mó spriocanna feidhmíochta gráinneacha a shocrú.
- Tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí socraithe caighdeán idirnáisiúnta chun cur chuige iniúchta níos éifeachtaí a fhorbairt d'eintitis níos lú.
- An leibhéal tarmiligin a mhéadú tuilleadh.

## Beachtaigh

- Cur chuige iniúchta chun leas a bhaint as éifeachtúlachtaí

## Déanfaimid...

- Cur chuige de réir scála a leabú i leith saincheisteanna oiriúnachta, lena n-áirítear soláthar.
- Deiseanna a lorg go gníomhach chun úsáid na hanailíse sonraí a mhéadú.
- Leibhéal agus cineál na n-idirghníomhaíochtaí le bainistíocht. shinsearach na gcliant agus na gcoistí iniúchta a fheabhsú.
- Clár a thabhairt isteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige iniúchta ar iniúchtaí ar leith.

# Tosaíochtaí straitéiseacha 2021 - 2025

Leag na hionchuir seo béim ar thábhacht leanúnach ár dtrí phríomhthosaíocht, a thagann ar aghaidh ónár straitéis roimhe seo

- seirbhísí iniúchta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar
- difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu, don Oireachtas agus an pobal
- ár n-eagraíocht a neartú.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha seo mar bhunús lenár ráiteas straitéise. Cuireann siad bonn eolais freisin faoi fhorbairt ár bpleananna oibríochta bliantúla mionsonraithe, agus beimid ag tuairisciú ar ár ndul chun cinn i gcoinne na dtosaíochtaí seo ar bhonn bliantúil. Ag lárphointe na timthrialla straitéisí, déanfaimid athmheasúnú criticiúil ar ár spriocanna agus ár gcuspóirí, chun a chinntiú go bhfanfaidh siad ábhartha. cycle, we will also critically re-assess our targets and objectives, to ensure that they remain relevant.

## Tosaíochtaí straitéiseacha 2021 - 2025





# Tosaíocht 1

## Seirbhísí iniúchta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar

**Is é ár gcuspoir seirbhísí iniúchta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar do chomhlachtaí poiblí, agus iad a dhéanamh go héifeachtúil, go tráthúil, agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh arna gcur i bhfeidhm ag INTOSAI.**

Tá seachadadh iniúchta éifeachtach agus tráthúil ar ráitis airgeadais comhlachtaí poiblí lárnach sa mhéid a dhéanaimid. Is éard atá i gceist leis seo méid suntasach rannpháirtíochta leis na comhlachtaí atá i gceist, lena n-áirítear coistí bainistíochta sinsearaí agus iniúchta. Is ionann aschuir na hoibre seo agus tuarascálacha poiblí ar na ráitis airgeadais a ndéanaimid iniúchadh orthu, agus litreacha bainistíochta agus tuarascálacha aonair chuig coistí iniúchta faoi ábhair a bhaineann le haon imní atá againn maidir le rialú airgeadais, bainistíocht airgeadais agus rialachas corparáideach.

## Tá ár gcuid oibre iniúchta bunaithe ar roinnt prionsabal tábhachtach

- **Neamhspleáchas agus oibiachtúlacht:** tuigimid an timpeallacht agus an creat beartais ina bhfeidhmíonn comhlachtaí poiblí, ach fanaimid go daingean neamhspleách agus oibiachtúil inár gcuid oibre.
- **Oscailte agus tarraingteach:** táimid soiléir faoin mbunús maidir lenár n-iniúchadh, ár gcur chuige agus ár riachtanais. Déanaimid iarracht dul i dteagmháil le coistí bainistíochta agus iniúchta roimh, le linn agus tar éis an iniúchta, agus muid ag iarraidh soiléireacht ábhar ár n-aschur a fheabhsú.
- **Cuiditheach:** tugaimid aghaidh ar ár n-iniúchadh ar an mbonn gur chóir go mbeadh na torthaí cuiditheach, dírithe ar ábhair thábhachtacha agus go gcuireann siad fíorluach leis na comhlachtaí poiblí a ndéanaimid iniúchadh orthu.
- **Tráthúlacht:** oibrímid chun ár n-iniúchtaí a chur i gcrích go tráthúil, ag cuimhneamh ar na hoibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí a dtuarascálacha agus a gcuntais bhliantúla a chur i láthair, agus ag an am céanna ag tabhairt dóthain ama do chomhlachtaí poiblí breathnuithe a sholáthar ar ár ndréacht-aschuir.
- **Cáilíocht:** oibrímid de réir caighdeán gairmiúil agus eiticiúil, ag iarraidh a chinntiú go ndéantar obair iniúchta ar ardchaighdeán, agus ag cabhrú le comhlachtaí poiblí cuntais ardchaighdeáin a chur i láthair.

## Príomh-Aschuir na hOifige

Tuairiscí ar ráitis airgeadais comhlachtaí poiblí

- Tuairim ar cibé an léiríonn na cuntais pictiúr fíor agus cothrom de staid airgeadais na gcomhlachtaí.
- Tuairiscigh mura bhfuil airgead poiblí curtha i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe.
- Tuairiscigh aon cheisteanna suntasacha faoin gcaoi a caitheadh airgead poiblí.
- Tuairiscigh aon teipeanna suntasacha i córais rialaithe airgeadais inmheánaigh na gcomhlachtaí poiblí.

Litir/Tuairisc bainistíochta chuig an gcoiste iniúchta

- Torthaí ón iniúchadh a éilíonn gníomh feabhais ón gcomhlacht poiblí.
- Samplaí
  - Saincheist rialaithe airgeadais
  - Saincheist rialachais chorparáidigh.

# Tosaíocht 1

	I 2021-22, déanfaimid:	Le linn na tréimhse go 2025, déanfaimid:
Rannpháirtíocht	<ul style="list-style-type: none"><li>Athbhreithniú ar ár n-idirghníomhaíochtaí le coistí iniúchta, chun feabhsuithe sonracha is féidir a dhéanamh ar an bpróiseas iomlán a aithint.</li><li>Pleananna rannpháirtíochta earnála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena threorú ag leibhéal an Stiúrthóra.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Suirbhéanna sástachta tréimhsiúla chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu sásta le leibhéal rannpháirtíochta agus soiléireacht ár n-aschur.</li></ul>
Tráthúlacht	<ul style="list-style-type: none"><li>Athruithe reachtacha a lorg chun tráthúlacht níos mó a chumasú sa phróiseas iniúchta.</li><li>Ionchur sa phróiseas socráithe caighdeán idirnáisiúnta maidir le cur chuige iniúchta i leith eintiteas níos lú.</li><li>Spriocanna deimhniúcháin earnála a shocrú.</li><li>Maidir lenár n-iniúchtaí is straitéisí, athbhreithnithe neamhspleácha ar an gcur chuige iniúchta a choimisiúnú.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar thráthúlacht tuairiscithe airgeadais ag comhlachtaí poiblí.</li><li>Teagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nuachóiriú chreat cuntasaióchta an rialtais láir.</li><li>Obair le cliaint chun spriocanna deimhniúcháin níos dúshlánaí a shocrú bliain i ndiaidh bliana agus iad sin a léiriú inár riachtanais acmhainní.</li></ul>
Fócas	<ul style="list-style-type: none"><li>Tuairisciú earnála a sholáthar ar shaincheisteanna cuibheasachta.</li><li>An cur chuige iniúchta athbhreithnithe a leabú, agus úsáid níos mó a bhaint as anailíocht sonraí, le haghaidh seirbhísí comhroinnte.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Úsáid na hanailíse sonraí a mhéadú chun léargas níos fearr a sholáthar agus éifeachtúlachtaí a spreagadh.</li><li>Roghanna a scrúdú chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua chun éifeachtúlacht ár gcuid oibre a fheabhsú.</li></ul>
Cáilíocht	<ul style="list-style-type: none"><li>Athbhreithnithe neamhspleácha ar cháilíocht ár n-iniúchtaí agus ár scrúduithe a choimisiúnú.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Ceachtanna a foghlaimíodh ó athbhreithnithe a leabú.</li></ul>
Iniúchadh seachfhoinsithe	<ul style="list-style-type: none"><li>Conarthaí trí bliana a chur i bhfeidhm chun iniúchtaí a sheachfhoinsiú.</li><li>Próiseas a fhoirmiú chun dea-chleachtas a roinnt leis na gnólachtaí iniúchta seo.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Teagmháil leis na comhlachtaí iniúchta maidir lena sástacht le hiniúchtaí seachfhoinsithe.</li></ul>

# Tosaíocht 2

## Difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu, don Oireachtas agus don phobal

Is é an cuspóir atá againn go ndéanfadh ár gcuid oibre fíordhifríocht inláimhsithe, trí dhearbú a thabhairt don phobal maidir le húsáid cheart airgid poiblí, trí chuntasacht chomhlachtaí poiblí don Oireachtas a éascú, agus trí riarachán poiblí a fheabhsú.

Tá ár gcuid oibre tuairiscithe tábhachtach

- don phobal agus muid ag tuairisciú cásanna nár chaith comhlachtaí poiblí airgead poiblí ar bhealach maith nó leis na leibhéil ionracais is airde
- don Oireachtas agus don Choiste um Chuntais Phoiblí maidir le cuntasacht pharlaiminteach a éascú
- do chomhlachtaí poiblí iniúchta, agus d'oifigigh chuntasaíochta faoi seach, maidir le dearbhú neamhspleách á sholáthar ar a gcuntais agus torthaí cuiditheacha le haghaidh tuilleadh feabhsuithe.

Chun go n-éireoidh leis seo, caithfidh ár dtuarascálacha a bheith neamhspleách agus údarásach, agus ní mór go mbeadh líon leordhóthanach acu chun gach príomhréimse a chlúdach le himeacht ama.

## Agus muid ag iarraidh difríocht a dhéanamh, táimid faoi threoir na bprionsabal tábhachtach seo a leanas

- **Soiléire, tionchar agus feabhas:** féachfar le tionchar agus luach ár gcuid oibre a uasmhéadú trí mholtaí praiticiúla agus soiléire a dhéanamh, agus obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme
- **Dea-chleachtas a roinnt:** aithnímid agus roinnimid dea-chleachtas.

### Príomh-Aschuir na hOifige

Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí

- Cuntais leithreasa bhliantúla do gach Roinn agus oifig rialtais.
- Tuairisciú ar réimsí caiteachais áirithe agus ar shaincheisteanna a eascraíonn as iniúchtaí.

Tuarascálacha Speisialta

- Tuarascálacha ar scrúduithe luach ar airgead, nó réimsí arna roghnú ag an C&AG.
- Tuarascálacha 'ábhar ginearálta' lena mbaineann grinnscrúdú domhain ar shaincheisteanna nó ábhair shonracha a eascraíonn as iniúchtaí nó cigireachtaí arna ndéanamh ag an C&AG.

Láithris os comhair an Choiste um Chuntas Phoiblí

- Freastalaíonn C&AG ar gach cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí ina bhfuil tuarascálacha óna Oifig á bplé, agus soláthraíonn sé forbhreacha ar a chuid oibre agus a thorthaí.

Léargais Iniúchta

- Deiseanna foghlama a roinnt le comhlachtaí iniúchta ar leibhéal grúpa.

# Tosaíocht 2

	In 2021-22, déanfaimid:	Le linn na tréimhse go 2025, déanfaimid:
Tuarascálacha poiblí	<ul style="list-style-type: none"><li>Cumas a chothú chun líon na scrúduithe agus na dtuarascálacha a mhéadú.</li><li>Rannpháirtíocht earnála a neartú le saineolaithe ábhair, lucht acadúil, eagraíochtaí deonacha agus comhlachtaí dá samhail.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Iarracht 25% den fhoireann a leithdháileadh ar obair tuairiscithe, agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag an rannán tuairiscithe ar éagsúlacht scileanna.</li><li>Iarracht 10 dtuarascáil speisialta a fhoilsiú gach bliain.</li><li>Aiseolas agus léargas a bhailiú ó shaineolaithe ábhair, lucht acadúil, eagraíochtaí deonacha agus comhlachtaí dá samhail.</li></ul>
Tuarascálacha uile-chórais nó tras-rannacha	<ul style="list-style-type: none"><li>Tosaíocht a thabhairt do thuarascálacha a mbeidh tionchar uile-chórais nó tras-rannach orthu.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>30% ar a laghad dár dtuarascálacha a dhíriú ar shaincheisteanna uile-chórais agus / nó tras-rannacha.</li></ul>
Soiléire agus cáilíocht	<ul style="list-style-type: none"><li>Iarracht 'inléiteacht' ár dtuairiscí a fheabhsú, trí úsáid mhéadaithe a bhaint as grafaicí, agus téacs níos simplí, níos giorra.</li><li>Úsáid teicneolaíochtaí agus ardáin nua a fheabhsú chun inrochtaineacht fhoriomlán a mhéadú.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Suirbhéanna sástachta tréimhsiúla chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu sásta le soiléireacht agus inrochtaineacht ár n-aschur.</li></ul>
Dea-chleachtas a roinnt	<ul style="list-style-type: none"><li>Feabhsú leanúnach ar an gclár léargas iniúchta, tar éis aiseolais agus malartú idirnáisiúnta dea-chleachtais.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Suirbhéanna sástachta tréimhsiúla chun a mhéid a bhíonn na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu sásta leis an gclár léargas iniúchta a mheas.</li></ul>
An Coiste um Chuntais Phoiblí	<ul style="list-style-type: none"><li>Teagmháil le baill an Choiste um Chuntais Phoiblí trí chruinnithe faisnéise.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Obair an Choiste um Chuntais Phoiblí a thacú, de réir ár gceanglas reachtúil.</li></ul>
Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm	<ul style="list-style-type: none"><li>Leanúint fhoirmiúil ar chur i bhfeidhm, ag comhlachtaí poiblí, ar mholtaí foilsithe.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Tuairiscíú gach bliain ar leibhéal chur i bhfeidhm na moltaí, ag comhlachtaí poiblí roghnaithe.</li><li>Sprioc-ráta glactha a shocrú agus monatóireacht ar an ráta freagartha.</li></ul>

# Tosaíocht 3

## Ár n-eagraíocht a neartú

Is é ár gcuspóir go mbeadh an Oifig ina heagraíocht eiseamláireach san earnáil phoiblí, dea-oilte chun a cuspóirí a bhaint amach go héifeachtach, go heacnamaíoch agus go héifeachtúil, agus le foireann spreagtha. Is iad na daoine an acmhainn is luachmhaire atá againn toisc go bhfuilimid ag brath ar ár scileanna agus ár dtaithe ardcháilithe agus ghairmiúil chun iniúchadh poiblí a dhéanamh. Ba mhaith linn a bheith mar fhostóir de rogha dóibh siúd ar mian leo tabhairt faoi ghairm san iniúchadh agus difríocht a dhéanamh do sholáthar seirbhísí poiblí.

- Tá baint amach rathúil ár misean agus ár gcuspóirí ag brath go hiomlán ar ár gcumas comhaltaí foirne ardspreagtha, a bhfuil taithí acu agus atá oilte a earcú agus a choinneáil. Teastaíonn uainn nuálaíocht, solúbthacht agus comhoibriú a spreagadh ar fud ár bhfoirne. Aithnímid an gá atá le tacaíocht a thabhairt agus infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ár gcomhaltaí mar dhaoine aonair agus teastaíonn uainn go mbeadh taithí oibre leis an Oifig sásúil go pearsanta agus a chuireann lena ngairmeacha. Agus tuigimid go bhfuil eagraíocht láidir dea-cheaptha agus dírithe ar fheidhmíocht.

## Gheobhaimid treoir ó na príomhphrionsabail seo a leanas

- **Meas ar ár ndaoine:** tacóimid lenár ndaoine a bheith tiomanta, ardoilte agus láidir. Déanfaimid é sin trí nósanna imeachta earcaíochta éifeachtacha agus trí infheistíocht a dhéanamh ina bhforbairt ghairmiúil agus trí thacú lena gothromaíocht oibre is saoil. Táimid ag iarraidh go leanfaidh ár n-ionad oibre de bheith uilechuimsitheach agus éagsúil agus meas a bheith againn ar chearta an duine agus ar chomhionannas ár ndaoine.
- **Luach ar airgead:** teoróimid trí shampla, agus cinnteoidimid go n-uasmhéadóimid éifeachtacht agus éifeachtúlacht ár n-acmhainní uile. Déanfaimid é sin trí dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht agus ar ár gcostais, agus a chinntiú go ndéantar ár bpróisis oibre a shruthlíniú.

# Tosaíocht 3

In 2021-22, déanfaimid:

Le linn na tréimhse go 2025, déanfaimid:

## Earcaíocht agus coimeád

- Ár ngníomhaíochtaí earcaíochta a dhéanamh níos spriocdhírthe agus níos sofheicthe chun líon na n-iarrthóirí ar phoist fholmha a mhéadú.
- Athbhreithniú ar dhreasachtaí feidhmíochta agus ar an gcreat aitheantais.
- Trí theicneolaíocht a úsáid, athruithe oibre agus athruithe san ionaid oibre a chomhtháthú, ionas go mbeidh níos mó rogha ag ár ndaoine ó thaobh samhlacha oibre.
- Measúnú foirmiúil ar chomhlíonadh, mar fhostóir, le reachtaíocht um chearta an duine.
- Béim a chur ar thábhacht ár gcultúir atá bunaithe ar luachanna, le fócas athnuaite ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha.

- Tacaíocht a thabhairt do bhearta earcaíochta, coinneála agus ardaíthe céime cothroma agus uilechuimsitheacha.
- Fócas a choinneáil ar thionscnaimh folláine foirne.
- Na mbealaí le haghaidh rannpháirtíochta san ionad oibre a fheabhsú.
- Iniúchadh ar na buntáistí a bhaineann le creidiúnú seachtrach ar ár gcultúr san ionad oibre.

## Forbairt ghairmiúil

- Ag tacú leis an bhfoireann cáilíochtaí cuntasáíochta gairmiúla a bhaint amach.
- Deiseanna forbartha pearsanta aonair a thabhairt isteach ar fud na hOifige.
- Scileanna ceannaireachta agus bainistíochta, scileanna meastóireachta agus anailíse sonraí a fheabhsú.
- An clár meantóireachta a chur chun cinn.

- Tacú le cur chuige níos struchtúrtha i leith na foghlama agus na forbartha.
- Cúrsa creidiúnaithe i meastóireacht a thairiscint don fhoireann tuairiscithe go léir.
- Tuilleadh infheistíochta san fhoghlaim ghairmiúil chun ár sainscileanna a fheabhsú.

## Éifeachtacht agus éifeachtúlacht

- Deiseanna a iniúchadh chun tarmligeán níos mó a dhéanamh i scrúduithe.
- Athbhreithniú ar an mbealach is fearr chun tacaíocht chuí AD a sholáthar dár ndaoine.
- An tsraith táscairí feidhmíochta a athdhearadh.

- Na leibhéil tarmlígin le haghaidh sínithe iniúchta a mhéadú.
- Athstruchtúrú ar na bhfeidhmeanna tacaíochta TF agus airgeadais.
- Athbhreithniú ar ár bpríomhtháscairí feidhmíochta foriomlána maidir le hábharthacht leanúnach.

## Rialachas

- Acmhainn iniúchta inmheánaigh a mhéadú.
- Infheistíocht san fhoghlaim ghairmiúil i leith ár n-oibleagáidí corparáideacha.

- Athbhreithnithe ar ár socruithe rialachais, le cúnamh seachtrach, gach trí bliana ar a laghad.

# Ár Rialachas agus Tuairisciú

Is é an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchta Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige, agus tá sé freagrach as cistí a riaradh agus as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta cuntasach do Dáil Éireann as caiteachas ceart cistí ag an Oifig, agus caithfidh sé láithriú, nuair a iarrtar air, os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí chun ceisteanna a fhreagairt a eascraíonn as a c(h)uid freagrachtaí.

Tá an Oifig eagraithe i stiúrthóireachtaí faoi cheannas na dtrí Stiúrthóir Iniúchta bunaithe go leathan ar chlár oibre iniúchta agus tuairiscithe. Laistigh de gach stiúrthóireacht, sanntar punanna oibre do roinnt rannán atá bunaithe go leathan ar eárnálacha atá ag feidhmiú sa tseirbhís phoiblí.

---

Táimid tiomanta oibriú de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde. Díreach mar a bheimis ag súil leis ó na comhlachtaí poiblí a ndéanaimid iniúchadh orthu, ní mór dúinn é a éileamh orainn féin. Áirítear leis sin socruithe rialachais ardchaighdeán a bheith agat chun an eagraíocht agus a feidhmíocht a bhainistiú go héifeachtach.

Is iad seo a leanas a bhainistíonn gnó na hOifige


- **Bord Iniúchta** – ar a mbeidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, an Rúnaí agus na Stiúrthóirí Iniúchta. Déanann an Bord Iniúchta maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm beartas agus straitéis iniúchta don Oifig, agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht oibríochtúil.
- **Bord Bainistíochta** – ar a bhfuil Stiúrthóirí agus Leas-Stiúrthóirí Iniúchta a chomhordaíonn bainistíocht agus oibriú na hOifige.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, faigheann an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchta tacaíocht agus comhairle ón gCoiste Iniúchta, ar a bhfuil ceathrar ball seachtracha, agus Coiste Bainistíochta Riosca, ar a bhfuil na trí Stiúrthóirí Iniúchta.

Déanann gnólacht seachtrach iniúchóirí arna gceapadh faoi Alt 13 den Acht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh ar chuntais bhliantúla na hOifige, agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin na hOifige ([www.audit.gov.ie](http://www.audit.gov.ie)).

Foilsítear faisnéis feidhmíochta ar bhonn bliantúil.

# Struchtúr Rialachais







Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
Office of the Comptroller and Auditor General

---

**Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**  
**3A Sráid an Mhéaraigh Uachtarach**  
**Baile Átha Cliath 1**  
**D01 PF72**

**Fón: 01 863 8600**  
**Gréasán: [www.audit.gov.ie](http://www.audit.gov.ie)**